Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne
An Cathaoirleach

30.8.2023

An tUas. Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le tuarascáil eatramhach BUDG ar Athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 (2023/0201R(APP))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Trí nós imeachta i scríbhinn an 13 Iúil 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 30 Lúnasa 2023[1]. Ag an gcruinniú sin, chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thuarascáil eatramhach

Mise, le meas,

Robert Biedroń

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Robert Biedroń (Cathaoirleach), Andżelika Anna Możdżanowska, Isabella Adinolfi, Maria da Graça Carvalho, Rosa Estaràs Ferragut, Arba Kokalari, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Aušra Maldeikienė, Sirpa Pietikäinen, Christine Schneider, Pernille Weiss, Karen Melchior, María Soraya Rodríguez Ramos, Irène Tolleret, Heléne Fritzon, Predrag Fred Matić, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Evelyn Regner, Vera Tax, Kira Marie Peter-Hansen, Sylwia Spurek (Leas-Chathaoirleach), Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión, Christine Anderson, Annika Bruna, Sandra Pereira

MOLTAÍ

A. de bhrí gur bunluachanna iad an comhionannas inscne agus díothú an neamhionannais ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus de bhrí go gcumhdaítear an tiomantas chun comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

B. de bhrí gur thathantaigh an Pharlaimint ar an gCoimisiún arís agus arís eile úsáid príomhshruthú inscne, buiséadú inscne agus measúnuithe tionchair inscne a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i réimsí beartais uile an Aontais;

C. de bhrí nach mbíonn buiséid inscne-neodrach riamh agus, dá bhrí sin, gur gá iad a tharraingt suas agus an sprioc maidir le comhionannas inscne á cur san áireamh ón tús; de bhrí go léirítear le sonraí go mbíonn éifeacht dhíréireach ag gach géarchéim ar mhná agus ar chailíní, mar is léir sna géarchéimeanna leanúnacha atá os comhair an Aontais; agus de bhrí go n-éilíonn cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus iarmhairt ghéarchéim COVID freagairt atá íogair ó thaobh inscne de;

1. á chur in iúl gur geal léi an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI 2021-2027; á aithint gur gá aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais iarmhairtí chogadh na Rúise ar an Úcráin agus ar iarmhairtí ghéarchéim COVID; á thabhairt chun suntais nár cheart do bhuiséad an Aontais cur le neamhionannais inscne ná fuath a spreagadh, dá bhrí sin, á iarraidh ar an gCoimisiún croímhisean na ndaoine sin dá ndeonaítear cistí ón Aontas a fhiosrú agus cistiú a choinneáil siar ó ghníomhaithe atá ag iarraidh cistí an Aontais a úsáid chun casadh siar ar chearta an duine, go háirithe cearta na mban agus comhionannas inscne; ag cur béim ar an bhfíoras gur deis é an t-athbhreithniú meántéarma chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i gcur chuige an Aontais maidir le príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne, ar cheart breathnú air mar chuid lárnach den phróiseas airgeadais, a fhágann gur féidir cistí a leithdháileadh ar an mbealach is éifeachtúla;

2. á chur in iúl gur geal léi an tiomantas athnuaite don mhodheolaíocht nua chun caiteachais ar chomhionannas inscne a rianú agus do phríomhshruthú píolótach na gcuspóirí sin amhail ó 2023; á thabhairt chun suntais go meastar faoi láthair go bhfuil an acmhainneacht ag tromlach na gclár rannchuidiú le comhionannas inscne, a chomhfhreagraíonn d'fhormhór an chistithe (scór 0 *, 73 % den bhuiséad), i gcomparáid leo siúd a rannchuidíonn go hiarbhír le comhionannas inscne mar phríomhchuspóir (scór 2, 2 % den bhuiséad) nó mar chuspóir tábhachtach (scór 1, 9 % den bhuiséad)[2]; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá athbhreithnithe éifeachtacha atá íogair ó thaobh inscne de a dhéanamh ar gach clár agus caiteachas lena gcumasaítear coigeartuithe a dhéanamh nuair is gá agus sa chás inar gá, i gcomhréir le Tuarascáil Speisialta 10/2021 ón gCúirt Iniúchóirí maidir le príomhshruthú inscne i mBuiséad AE[3];

---

[2] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/eu-budget/performance-and-reporting/horizontal-priorities/gender-equality-mainstreaming_en
https://commission.europa.eu/system/files/2023-06/SWD_2023_336_1_EN_autre_document_travail_service_part1_v4.pdf, p48

[3] https://www.eca.europa.eu/ga/publications?did=58678

3. ag tathant ar an gCoimisiún cistiú a mhéadú do na línte buiséadacha agus do na cláir ina bhfuil comhionannas inscne ina phríomhchuspóir nó ina chuspóir tábhachtach, amhail Sraith Daphne, arb é is aidhm di gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chomhrac, agus an tsraith maidir le comhionannas, cearta agus comhionannas inscne den chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, an Clár EU4Health, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus cláir ghníomhaíochta seachtraí amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda agus Tionscnamh Spotsolais na Náisiún Aontaithe;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún buiséad na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne a mhéadú chun a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Institiúid chun a sainordú a chur i gcrích, lena n-áirítear cúnamh teicniúil a sholáthar do na Ballstáit, i bhfianaise na práinne agus an éilimh atá ag dul i méid ar a tacaíocht theicniúil do phríomhshruthú inscne;

5. á athdhearbhú gur cúis imní di na hionsaithe ar chomhionannas inscne agus ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, laistigh den Aontas agus á iarraidh go ndéanfaí cistiú a leithdháileadh chun dul i ngleic leis an bhfrithfhreagairt agus leis an mbréagaisnéis sin, agus chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a chosnaíonn cearta na mban, lena n-áirítear iad siúd a éascaíonn rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil trí sheirbhísí trasteorann, lena ráthaítear ceart bunúsach na mban smacht a bheith acu ar a gcorp;

6. á áitiú gur cheart go mbainfeadh mná agus fir an tairbhe chéanna as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, go háirithe maidir leis an gcuspóir bearna phá leanúnach an Aontais idir na hinscní de 13 % a laghdú.